C/2024/2872

22.4.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11498 – BRITANNIC STRATEGIES / GETEC ENERGIE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2872)

1. An 15 Aibreán 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

   Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

   — Britannic Strategies Limited ('BSL', an Ríocht Aontaithe), fochuideachta indíreach atá faoi lánúinéireacht BP p.l.c. (an Ríocht Aontaithe),

   — GETEC Energie GmbH ('GETEC', an Ghearmáin).

   Gheobhaidh BSL rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar GETEC ina iomláine.

   Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

   — Tá BSL gníomhach i dtrádáil miotal lómhar. Is grúpa comhtháite domhanda fuinnimh é BP p.l.c., a mháthairchuideachta deiridh,

   — Is cuideachta trádála í GETEC atá gníomhach i soláthar seirbhísí comhairliúcháin agus i soláthar leictreachais agus gáis san Eoraip.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

   De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

   Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

   M.11498 – BRITANNIC STRATEGIES / GETEC ENERGIE

   Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

   R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

   Seoladh poist:

   European Commission
   Directorate-General for Competition
   Merger Registry
   1049 Bruxelles/Brussel
   BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.